



An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 29 Márta 2017
(OR. en)

XT 20001/17

BXT 1

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Na Toscaireachtaí
Ábhar:	Fógra ón Ríocht Aontaithe faoi Airteagal 50 CAE

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo litir, dar dáta an 29 Márta 2017, ó Phríomh-Aire na Ríochta Aontaithe chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí.

10 DOWNING STREET

LONDON SW1A 2AA

AN PRÍOMH-AIRE

29 Márta 2017

[A Uachtaráin Tusk, a chara,]

Ar an 23 Meitheamh 2016, vótáil muintir na Ríochta Aontaithe ar son an tAontas Eorpach a fhágáil. Mar a dúirt mé cheana, ní comhartha é an cinneadh sin go bhfuil droim láimhe á thabhairt againn leis na luachanna atá i bpáirt againn lenár leathbhádóirí san Eoraip. Ná ní ag iarraidh dochar a dhéanamh don Aontas Eorpach atáimid ná do Bhallstát ar bith eile a fhágfaimid inár ndiaidh. A mhalairt ghlan atá fíor. Is áil leis an Ríocht Aontaithe go n-éireodh leis an Aontas Eorpach agus go mbeadh rath air. Ba éard a bhí sa reifreann, i ndáiríre, vóta chun an féinrialú, mar a fheictear dúinn é, a chur i réim arís. Táimid ag fágáil an Aontais Eorpaigh ach ní hionann sin is a rá go bhfuilimid ag fágáil na hEorpa - agus tá fonn orainn a bheith inár gcomhpháirtithe dílse agus inár gcomhghuaillithe dílse i gcónaí ag ár gcairde ó cheann ceann na mór-roinne.

Níos túisce an mhí seo, dheimhnigh Parlaimint na Ríochta Aontaithe toradh an reifrinn nuair a vótáil sí le tromlach glan, i dTeach na dTeachtaí agus i dTeach na dTiarnaí araon, i bhfabhar Bhille an Aontais Eorpaigh (Fógra um Tharraingt Siar). Rith an Pharlaimint an Bille ar an 13 Márta agus fuarthas Aontú na Banríona ar an 16 Márta agus rinneadh Acht Parlaiminte de an lá céanna.

Táim ag scríobh chugat inniu, dá bhrí sin, chun éifeacht a thabhairt do chinneadh daonlathach mhuintir na Ríochta Aontaithe. Tugaim fógra leis seo don Chomhairle Eorpach, i gcomhréir le hAirteagal 50(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go bhfuil sé ar intinn ag an Ríocht Aontaithe tarraingt siar ón Aontas Eorpach. Tugaim fógra, leis seo freisin, don Chomhairle Eorpach, i gcomhréir leis an Airteagal 50(2) céanna arna chur i bhfeidhm de bhun Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, go bhfuil sé ar intinn ag an Ríocht Aontaithe tarraingt siar ón gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach. Dá bhrí sin, aon tagairt a dhéantar sa litir seo don Aontas Eorpach, ba cheart glacadh leis go gcuimsíonn sí tagairt don Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

Leagtar amach sa litir seo cur chuige Rialtas na Banríona i leith an bplé a bheidh againn faoi imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus faoin gcomhpháirtíocht dhomhain speisialta atáimid ag súil le bheith againn leis an Aontas Eorpach - mar dhlúthchara agus mar dhlúthchomharsa - ar imeacht dúinn. Creidimid nach chun leas na Ríochta Aontaithe amháin na cuspóirí sin ach chun leas an Aontais Eorpaigh agus an domhain trí chéile.

Is é lár leas na Ríochta Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh araon é go mbainfimis feidhm as an bpróiseas atá romhainn chun na cuspóirí sin a bhaint amach ar dhóigh chóir ordúil, gan cur isteach rómhór, más féidir in aon chor é, ar cheachtar den dá thaobh. Is mian linn a chinntiú go mbeidh an Eoraip tréan rathúil i gcónaí agus go mbeidh ar a cumas a luachanna a chur roimpi, í ar thús cadhnaíochta sa domhan mór, agus í á cosaint féin ar bhagairtí slándála. Is mian linn go ndéanfadh an Ríocht Aontaithe a cion iomlán chun na cuspóirí sin a bhaint amach trí chomhpháirtíocht nua dhomhain speisialta leis an Aontas Eorpach, ar Aontas é a bheadh tréan, stóinsithe. Creidimid, dá bhrí sin, gur gá téarmaí na comhpháirtíochta a bheidh eadrainn amach anseo agus na téarmaí a bheidh ann don tarraingt siar ón Aontas Eorpach a chomhaontú taobh le chéile.

Is mian leis an Rialtas tabhairt faoin bplé le teann uailmhéine, agus an oiread cinnteachta is féidir a thabhairt, a luaithe is féidir, do shaoránaigh agus do ghnólachtaí sa Ríocht Aontaithe agus san Aontas Eorpach, agus, go deimhin, do shaoránaigh agus do ghnólachtaí ó thríú tíortha mórthimpeall na cruinne.

Ba mhaith liom roinnt prionsabal a mholadh a chabhródh linn bail a chur ar an bplé a dhéanfaimid amach anseo, ach sula ndéanfaidh mé sin, inseoidh mé daoibh ar dtús faoin bpróiseas a bheidh mar chúram orainn féin sa Ríocht Aontaithe.

An próiseas sa Ríocht Aontaithe

Mar a d'fhógair mé cheana féin, tabharfaidh an Rialtas isteach reachtaíocht lena n-aisghairfear an tAcht Parlaiminte - Acht na gComhphobal Eorpach 1972 - a thugann éifeacht do dhlí an Aontais inár dtír féin. Go bunúsach, leis an reachtaíocht sin, tiontófar corpas dlí an Aontais Eorpaigh, mar atá (an "acquis") ina dhlí de chuid na Ríochta Aontaithe, aon uair a bheidh sé sin indéanta, iomchuí. Cruthóidh sin cinnteacht do shaoránaigh na Ríochta Aontaithe agus do dhuine ar bith ón Aontas Eorpach atá i mbun gnó sa Ríocht Aontaithe. Rachaidh an Rialtas i mbun comhairliúcháin maidir le leagan amach na reachtaíochta sin agus maidir leis an mbealach a gcuirfear chun feidhme í, agus foilseoidh Páipéar Bán amárach. Tá sé beartaithe againn píosaí eile reachtaíochta a thabhairt chun cinn freisin a thabharfaidh aghaidh ar cheisteanna sonracha maidir lenár n-imeacht as an Aontas Eorpach, chun deimhin a dhéanamh de, chomh maith céanna, go mbeidh leanúnachas agus cinnteacht ann, go háirithe ar mhaithe leis na gnólachtaí. Leanfaimid orainn gan amhras ag comhlíonadh na bhfreagrachtaí atá orainn mar Bhallstát fad gur comhalta den Aontas Eorpach sinn, agus ní thiochfaidh an reachtaíocht atá á beartú againn i bhfeidhm go dtí go bhfágfaimid.

Ó thús an phlé agus le linn an phlé ar fad, rachaimid i mbun caibidlíochta mar aon Ríocht Aontaithe amháin, agus tabharfaimid aird chuí ar leas sonrach gach náisiúin agus gach réigiúin de chuid na Ríochta Aontaithe de réir mar a dhéanfaimid amhlaidh. Maidir le cumhachtaí a thabhairt ar ais don Ríocht Aontaithe, rachaimid i gcomhairle iomlán le chéile faoi na cumhachtaí ba cheart a bheith ag Westminster agus na cumhachtaí ba cheart a chineadh chuig Albain, chuig an mBreatain Bheag agus chuig Tuaisceart Éireann. Ach, tá coinne ag an Rialtas go dtiocfaidh méadú suntasach ar chumhacht cinnteoireachta gach riaracháin cineachta.

Caibidlíocht idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach

Is mian le Rialtas na Ríochta Aontaithe comhpháirtíocht dhomhain speisialta a chomhaontú leis an Aontas, agus an comhar eacnamaíoch agus slándála mar chuid di. Chuige sin, creidimid gur gá téarmaí na comhpháirtíochta a bheidh againn amach anseo agus na téarmaí a bheidh ann don tarraingt siar ón Aontas a chomhaontú taobh le chéile.

Ach má fhágfaimid an tAontas Eorpach gan teacht ar chomhaontú, is é an seasamh réamhshocraithe a bheidh ann go mbeidh orainn trádáil a dhéanamh ar théarmaí na hEagraíochta Domhanda Trádála. Ó thaobh cúrsaí slándála de, mura n-éireodh linn teacht ar chomhaontú, thiofadh meath ar an gcomhar sa chomhrac i gcoinne na coireachta agus na sceimhlitheoireachta. Sa chás sin, is cinnte go ndéileálfadh an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach leis an athrú, ach níor cheart go gcuirfeadh ceachtar den dá thaobh rompu an toradh sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ní mór dúinn ár seacht ndícheall a dhéanamh leis an toradh sin a sheachaint.

Is ar na cúiseanna sin is mian linn a bheith in ann comhpháirtíocht dhomhain speisialta a chomhaontú, agus comhar eacnamaíoch agus slándála mar chuid di ach is mian linn an chomhpháirtíocht sin a chomhaontú ar chúis eile freisin – is é sin gur mian linn ár gcion féin a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh an Eoraip tréan rathúil i gcónaí agus go mbeidh sí in ann a bheith ar thús cadhnaíochta sa domhan mór, a cuid luachanna á gcur roimpi agus í á cosaint féin ar bhagairtí slándála. Agus is mian linn go ndéanfadh an Ríocht Aontaithe a cion iomlán chun an aisling sin a fhíorú don mhór-roinn seo againne.

Prionsabail atá á moladh le haghaidh an phlé

Ag féachaint romhainn ar an bplé a thosófar go luath, ba mhaith liom roinnt prionsabal a mholadh a d'fhéadfaimis a chomhaontú le cuidiú linn a chinntiú go mbeadh an próiseas chomh réidh rathúil agus a d'fhéadfadh sé a bheith.

- i. **Ba cheart dúinn oibriú i gcomhar le chéile go hómósach cuiditheach, de mheon comhar dílis.** Ó tháinig mé chun bheith i mo Phríomh-Aire ar an Ríocht Aontaithe, thug mé cluas ghéar daoibh, do mo leathbhádóirí - na Cinn Rialtais san Aontas - agus d'Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus d'Uachtarán na Parlaiminte. Is é sin an fáth nach bhfuil ballraíocht sa mhargadh aonair á lorg ag an Ríocht Aontaithe: tuigimid an seasamh atá agaibh agus tá meas againn air, is é sin, go bhfuil ceithre shaoirse an mhargaidh aonair dodhealaithe agus nach féidir linn breith agus dá rogha a bheith againn. Tuigimid freisin go mbeidh iarmhairtí i gceist nuair a fhágfaidh an Ríocht Aontaithe an tAontas: tá a fhios againn go gcaillfimid an tionchar atá againn ar na rialacha a dhéanann difear do gheilleagar an Aontais. Ina theannta sin, tuigimid, agus trádáil á déanamh ag cuideachtaí de chuid na Ríochta Aontaithe laistigh den Aontas, go mbeidh ar na cuideachtaí sin ailíniú a dhéanamh leis na rialacha a chomhaontaigh institiúidí nach cuid díobh sinn a thuilleadh – go díreach mar a dhéanann cuideachtaí de chuid na Ríochta Aontaithe i margáí eile thar lear.
- ii. **Ba cheart dúinn tús áite a thabhairt do na saoránaigh i gcónaí.** Is léir go bhfuilimid ar tí tabhairt faoi phlé casta ach is é leas na saoránach uile bun agus barr an phlé agus ba cheart dúinn cuimhneamh air sin. Mar shampla, is iomaí saoránach ón gcuid eile de na Ballstáit atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe, agus is iomaí saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe atá ina gcónaí in áiteanna eile san Aontas Eorpach, agus ba cheart dúinn féachaint le comhaontú luath a dhéanamh faoi chearta na ndaoine sin.
- iii. **Ba cheart dúinn oibriú i dreo comhaontú cuimsitheach a bhaint amach.** Is mian linn comhpháirtíocht dhomhain speisialta a chomhaontú idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas, agus an comhar eacnamaíoch agus slándála mar chuid di. Beidh orainn an dóigh a gcinnimid socrú cóir i dtaobh chearta agus oibleagáidí na Ríochta Aontaithe mar Bhallstát atá ag imeacht a phlé, i gcomhréir leis an dlí agus de mheon chomhpháirtíocht leanúnach na Ríochta Aontaithe leis an Aontas. Ach creidimid gur gá téarmaí na comhpháirtíochta a bheidh againn amach anseo agus na téarmaí a bheidh ann don tarraingt siar ón Aontas a chomhaontú taobh le chéile.
- iv. **Ba cheart dúinn oibriú as lámh a chéile chun an cur isteach a laghdú agus oiread cinnteachta agus is féidir a thabhairt.** Is mian le hinfheisteoirí, gnólachtaí agus saoránaigh sa Ríocht Aontaithe agus ar fud na 27 mBallstát eile - agus iadsan ó thríú tíortha timpeall an domhain - a bheith in ann pleanáil. Chun aon éifeacht aille a sheachaint agus sinn ag gluaiseacht ón gcaidreamh atá againn faoi láthair go dtí an chomhpháirtíocht a bheidh againn amach anseo, dhéanfadh tréimhsí cur chun feidhme leas do dhaoine agus do ghnólachtaí sa Ríocht Aontaithe agus san Aontas araon le dul in oiriúint ar bhealach réidh rianúil do na socrúithe nua. Chuideodh sé leis an dá thaobh cur isteach nach bhfuil gá leis a laghdú dá dtiocfaimis ar chomhaontú faoin bprionsabal sin go luath sa phróiseas.


- v. **Ní mór dúinn aird a thabhairt, go háirithe, ar an gcaidreamh faoi leith atá ag an Ríocht Aontaithe le hÉirinn agus ar thábhacht phróiseas síochána Thuaisceart Éireann.** Is í Éire an t-aon Bhallstát amháin de chuid an Aontais a bhfuil teorainn talún leis an Ríocht Aontaithe inti. Ní mian linn teorainn chrua a bheith ann an athuair, is mian linn an Comhlimistéar Taistil a choinneáil, agus a chinntiú nach rachaidh tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas chun dochair d'Éirinn. Tá freagracht mhór orainn freisin a chinntiú nach ndéanfar aon ní chun próiseas na síochána a chur i gcontúirt i dTuaisceart Éireann, agus go leanfaimid de Chomhaontú Bhéal Feirste a chosaint.
- vi. **Ba cheart dúinn cromadh, a thúsce is féidir, ar na cainteanna teicniúla faoi limistéir mhionsonraithe bheartais, ach tús áite a thabhairt do na dúshlán is mó atá ann.** Ar ndóigh, beidh sé mar thosaíocht againn, luath sa lá, cur chuige ardleibhéil a chomhaontú i dtaobh na gceisteanna a eascróidh as sinn a bheith ag tarraingt siar. Ach tá comhaontú saorthrádála misniúil uailmhianach, idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach, á thairiscint againn freisin. Ba cheart raon feidhme agus uailmhian níos mó a bheith sa chomhaontú sin ná mar a bhí in aon chomhaontú eile a tháinig roimhe, ionas go gclúdóidh sé earnálacha a bhfuil fiorthábhacht ag baint leo do na geilleagair nasctha atá againn, leithéidí na seirbhísí airgeadais agus na dtionscal líonra. Caithfear cainteanna teicniúla faoi na mionsonraí a bheith ann, ach ó tharla gur Ballstát í an Ríocht Aontaithe faoi láthair, tá creat agus caighdeán rialála ag an dá thaobh atá ag teacht le chéile cheana féin. Dá bhrí sin, ba cheart dúinn tosaíocht a thabhairt don chaoi a ndéanaimid bainistiú ar éabhlóid na gcreataí rialála chun timpeallacht chóir, oscailte trádála a choinneáil, agus don chaoi a ndéanaimid díospóidí a réiteach. Maidir le raon feidhme na comhpháirtíochta a bheidh eadrainn - maidir le ceisteanna eacnamaíochta agus ceisteanna slándála - cuirfidh mo chuid oifigeach tograí mionsonraithe chugaibh le haghaidh comhoibriú domhain, leathan dinimiciúil.
- vii. **Ba cheart dúinn leanúint de bheith ag obair as lámh a chéile leis na luachanna Eorpacha atá i gcomhpháirt againn a chur chun cinn agus a chosaint.** Tá luachanna liobrálacha, daonlathacha na hEorpa ag teastáil ón domhan, agus seans gur anois níos mó ná riamh atá siad ag teastáil. Táimid ag iarraidh ár gcion féin a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh an Eoraip tréan rathúil i gcónaí agus go mbeidh sí in ann a bheith ar thús cadhnaíochta sa domhan mór, a cuid luachanna á gcur roimpi agus í á cosaint féin ar bhagairtí slándála.

An cúram atá orainn

Mar atá ráite agam cheana, is mian le Rialtas na Ríochta Aontaithe comhpháirtíocht dhomhain speisialta a chomhaontú idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas, agus an comhar eacnamaíoch agus slándála mar chuid di. Tráth a bhfuil an choisíocht á baint d'fhás na trádála domhanda agus an chosúlacht ar an scéal go bhfuil an claonadh chun caomhnaitheachta ag éirí i mbarr toinne in áiteanna éagsúla ar fud na cruinne, tá sé de fhreagracht ar an Eoraip an fód a sheasamh don tsaorthrádáil ar mhaithe lenár gcuid saoránach ar fad. Ar an gcaoi chéanna, is leochailí cúrsaí slándála san Eoraip inniu seachas mar a bhí siad riamh ó tháinig deireadh leis an gCogadh Fuar. D'íocfaí go daor as an dearmad a bheadh á dhéanamh dá lagófaí an comhoibriú a dhéanaimid ar mhaithe le rathúnas agus cosaint ár gcuid saoránach. Na cuspóirí atá ag an Ríocht Aontaithe i ndáil leis an gcomhpháirtíocht a bheidh eadrainn amach anseo, is iad na cuspóirí céanna iad a leagadh amach san óráid a thug mé i dTeach Lancaster i mí Eanáir agus sa Pháipéar Bán a foilsíodh ina dhiaidh sin ar an 2 Feabhra.

Tuigimid gur dúshlán a bheidh ann comhaontú cuimsitheach den sórt sin a bhaint amach laistigh den tréimhse dhá bhliain a leagtar amach sa Chonradh don phlé ar an tarraingt siar. Ach creidimid gur gá téarmaí na comhpháirtíochta a bheidh againn amach anseo agus na téarmaí a bheidh ann don tarraingt siar ón Aontas a chomhaontú taobh le chéile. Tá buntáiste faoi leith againn agus sinn ag tosú amach ar an bplé seo - tá ailíniú maith rialála ann, tá muinín againn as institiúidí a chéile, agus tá meon comhair againn a théann siar na scórtha bliain. Ar na cúiseanna sin, agus mar gheall ar an tábhacht atá ag baint leis an gcomhpháirtíocht a bheidh amach anseo ann idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach, don dá thaobh, táim cinnte go mbeimid in ann teacht ar réiteach i dtaobh na comhpháirtíochta sin, san am a leagtar amach sa Chonradh.

Ní haon dóithín an tasc atá romhainn ach níor cheart go bhfaigheadh sé an ceann is fearr orainn. Tar éis an tsaoil, d'éirigh le hinstitiúidí agus le ceannairí an Aontais Eorpaigh mór-roinn a bhí scriosta ag an gcogadh a thabhairt le chéile agus aontas de náisiúin shíochánta a dhéanamh di, agus thacaigh siad leis an aistriú a bhí le déanamh ón deachtóireacht go dtí an daonlathas. Tá a fhios agam go bhfuil sé ar ár gcumas, i dteannta a chéile, teacht ar chomhaontú maidir le cearta agus oibleagáidí na Ríochta Aontaithe mar thír atá ag imeacht as an Aontas, agus comhpháirtíocht dhomhain speisialta a bhunú a chabhróidh le rathúnas, slándáil agus cumhacht dhomhanda mhór-roinn seo againne na hEorpa.



A Shoilse, Donald Tusk